C/2026/5436

20.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5436)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Carne de Ávila’

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-0093-AM04 — 28.7.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Carne de Ávila’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Ard-Stiúrthóireacht an Bhia – An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é seo de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leis athrú ar ainm an táirge faoi chosaint, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leis agus nach bhfuil aon srian margaíochta i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Aberdeen Angus a chur san áireamh mar phór féideartha le haghaidh aithreacha i gcrosphórú le ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Seo a leanas na leasuithe ar an tsonraíocht táirge a dhéanfar le tabhairt isteach Aberdeen Angus mar phór féideartha le haghaidh aithreacha i gcrosphórú le ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh:

6.1. Faoi Roinn B) 'Tuairisc ar an táirge':

Sa chéad mhír de Roinn B) 'Tuairisc ar an táirge', cuireadh Aberdeen Angus leis mar phór féideartha le haghaidh aithreacha i gcrosphórú le ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh.

Rinneadh an leasú sin freisin ar an gcéad mhír de phointe 4.2 den doiciméad aonair.

6.2. Faoi Roinn D) 'Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge'

Faoi phointe 1 de Roinn D) 'Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge', cuireadh Aberdeen Angus leis mar phór féideartha le haghaidh aithreacha i gcrosphórú le ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh.

Cúiseanna leis an leasú atá beartaithe:

Tugadh an pór Aberdeen Angus isteach sa Spáinn breis agus 30 bliain ó shin, agus le linn an ama sin tá taithí fhairsing faighte ag feirmeoirí ar an stoc a thógáil agus a phórú agus ar a fheoil a láimhseáil, rud a fhágann go bhfuil an pór in ann dul in oiriúint do chórais táirgthe náisiúnta.

Táirgeann crosphórú idir ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Aberdeen Angus ainmhithe a bhfuil saintréithe ina gcuid feola atá cosúil le saintréithe fheoil eallaí den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus fheoil crosantaigh idir stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha de na pórtha Avileña agus Charolais.

Tacaítear leis an gconclúid sin leis an staidéar dar teideal 'Taighde chun feabhas a chur ar an eolas ar an táirgiúlacht a bhaintear amach trí phórtha mairteola áirithe a chrosáil agus ar cháilíocht na gcrosantach sin, agus é mar aidhm leis sin táirgeadh a chur in oiriúint d'éileamh an mhargaidh agus táirgiúlacht feirme a fheabhsú', arna tháirgeadh ag Institiúid Mhaidrid um Thaighde agus Forbairt Tuaithe, Talmhaíochta agus Bia.

Léirítear leis na tástálacha a rinneadh i gcomhthéacs an staidéir sin go bhfuil rátaí deasctha agus comhshó beatha ag crosantaigh idir stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Aberdeen Angus atá cosúil le rátaí deascaidh agus comhshó deasctha atá ag crosantaigh idir stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Charolais.

Ar an gcaoi chéanna, léirítear sna torthaí go bhfuil saintréithe fisiciceimiceacha ag feoil crosantaigh idir stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Aberdeen Angus comhchosúil le saintréithe fisiciceimiceacha crosantaigh idir stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Avileña agus Charolais. Go sonrach, bíonn mairteoil na gcrosantach teann faoi do lámh agus rud beag tais, lena mbaineann raimhre bhog. Tá dath gléineach uirthi, sa raon ó dhearg éadrom go dearg scothchorcra lena mbaineann saill bhán go bánbhuí.

Ina theannta sin, bíonn ardmheas go ginearálta ar fheoil na n-ainmhithe sin mar gheall ar a boige agus ar láidreacht agus ar cháilíocht a bhlais, rud a fhágann go bhfuil an-tóir uirthi i measc tomhaltóirí.

Trí Aberdeen Angus a thabhairt isteach mar phór féideartha le haghaidh aithreacha i gcrosphórú, freagraítear don ghá atá le táirgeadh a chur in oiriúint do thosaíochtaí an mhargaidh mar atá faoi láthair. Aithnítear pór Aberdeen Angus go hidirnáisiúnta as cáilíocht a fheola, rud a mhéadaigh an t-éileamh ar na crosantaigh sin agus a spreag spéis tomhaltóirí, a bhfuil meas acu ar a blas agus ar a boige.

Tríd an bpór sin a thabhairt isteach, is féidir le feirmeoirí beostoic a gcuid soláthair a éagsúlú agus a leathnú i gcomhréir le caighdeáin TGFC, agus ar an gcaoi sin leanúnachas agus iomaíochas TGFC 'Carne de Ávila' a áirithiú gan a pharaiméadair cháilíochta agus bharántúlachta a athrú. Dá réir sin, tá táirgeacht táirgeachta agus conablach ag crosantaigh le Aberdeen Angus atá cosúil leis an tairgeacht atá ag crosantaigh le Charolais, ach bíonn níos mó spéise ag tomhaltóirí i gcrosantaigh le Aberdeen Angus.

I mbeagán focal, tríd an bpór Aberdeen Angus a chur san áireamh, cuirtear bealach ar fáil chun freagairt d'éilimh na dtomhaltóirí agus chun cáilíocht iomráiteach fheoil an TGFC 'Carne de Ávila' atá ar an margadh faoi láthair a choinneáil ar bun.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Carne de Ávila’

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-0093-AM04 — 28.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Carne de Ávila’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 — FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

An t-eallach atá oiriúnach chun an fheoil atá cumhdaithe leis an TGFC seo a sholáthar, ní mór gurb é atá ann stoc den phór Ibéarach Avileña-Dubh nó stoc céad-chrosphóraithe idir ba den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus aithreacha Charolais, Limousin nó Aberdeen Angus.

Déantar an t-eallach a chatagóiriú de réir aoise:

Ternera: le marú ag aois uasta 12 mhí, tar éis 5 mhí ar a laghad a chaitheamh in éineacht leis an máthair;

Añojo: le scoitheadh ag aois íosta 5 mhí, le marú idir 12 mhí agus 24 mhí d’aois;

Novillo: le marú idir 24 mhí agus 48 mí d’aois.

Ní fhéadfar an TGFC a úsáid le haghaidh conablaigh ach amháin más rud é, ar bhonn an chórais Eorpaigh aicmithe conablach, go bhfuil a chruth idir U+ agus O agus go bhfuil a bhrat saille idir 2 agus 4.

		Aicme an bhrait saille:												
		1	1+	2-	2	2+	3-	3	3+	4-	4	4+	5-	5
Cruth	S													
	E													
	U+				X	X	X	X	X	X	X			
	U				X	X	X	X	X	X	X			
	U-				X	X	X	X	X	X	X			
	R+				X	X	X	X	X	X	X			
	R				X	X	X	X	X	X	X			

		Aicme an bhrait saille:												
		1	1+	2-	2	2+	3-	3	3+	4-	4	4+	5-	5
	R-				X	X	X	X	X	X	X			
	O+				X	X	X	X	X	X	X			
	O				X	X	X	X	X	X	X			
	O-													
	P+													
	P													
	P-													

Bíonn mairteoil na n-ainmhithe seo teann faoi do lámh agus rud beag tais, lena mbaineann raimhre bhog. Tá dath gléineach uirthi, sa raon ó dhearg éadrom go dearg scothchorcra lena mbaineann saill bhán go bánbhuí.

Ní mór 'Carne de Ávila' a aosú ar feadh 4 lá ar a laghad.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Déantar an t-eallach a thógáil go fairsing agus/nó trí úsáid a bhaint as cleachtas an bhuailteachais, agus leas á bhaint as na hacmhainní féaraigh agus foraoiseachta áitiúla (plandaí foráiste agus dearcáin). Is é atá i mbuailteachas córas tógála dúchais ar dá réir a bhaineann tréadaithe leas as na hacmhainní atá ann go nádúrtha trína mbeostoc a ghluaiseacht idir suíomhanna éagsúla comhlántacha ag tráthanna éagsúla den bhliain: féaraigh shléibhe sa samhradh agus san fhómhar agus *dehesas* (ar córas traidisiúnta agra-coille-tréadach é ar dá réir a thógtar beostoc go fairsing ar dhrochthalamh neamhthalmhaíochta) ina bhfuil crainn darach (dair thoilm agus dair choirc) sa gheimhreadh agus san earrach. Úsáidtear córas tógála fairsing lena ngabhann ráta stocála íseal – idir 0.2 agus 0.4 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir ar an meán – i limistéir thraidisiúnta féaraigh an phóir seo: limistéir talún a rachadh amú thairis sin. Ag tráthanna ganntanais, tugtar beatha forlíontach don eallach arb é atá ann gránaigh, foinsí próitéine agus amhábhair eile, de thionscnamh plandaí i gcónaí, mar aon leis na mianraí agus na vitimíní riachtanacha.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is é atá sa limistéar geografach a thuairiscítear i Roinn 4 an limistéar ina saolaítear ainmhithe atá beartaithe lena marú, ina dtógtar iad agus ina ramhraítear iad, ar na gabháltais fhairsinge chéanna ar a dtógtar máithreacha na n-ainmhithe sin.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá sraith lipéad ann le haghaidh gach conablaigh a chumhdaítear faoin TGFC seo ionas gur féidir an conablach, na gearrthóga agus na codanna a shainaithint agus a rianú. Is mar a leanas atá an córas lipéadaithe:

1) lipéid chonablaigh ar a bhfuil an fhaisnéis thíos, seachas cineál na gearrthóige;

2) lipéid ghearrthóige ar a bhfuil an fhaisnéis shonraithe agus cineál na gearrthóige (spanla, más/íostiarpa, etc.);

3) nuair a dhéantar gearrthóga a sheoladh ina gcodanna, lipéadaítear iad le lipéid thánaisteacha uimhrithe arna n-éisiúint ag an mBord Rialála, rud a fhágann gur féidir inrianaitheacht a sheiceáil;

4) chomh maith leis an bhfaisnéis éigeantach, ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a áireamh i lipéid ‘Carne de Ávila’: uimhir thagartha, aitheantóir an Bhoird Rialála, aitheantóir oifigiúil, tuairisc ar an ngearrthóg, an dáta maraithe, tionscnamh, uimhir údarúcháin, suíomh an chóirithe, uimhir an chonablaigh, lógó Bhord Rialála ‘Carne de Ávila’, lógó TGFC an Aontais, barrachód agus an t-ainm faoina margaítear an mhairteoil (‘*ternera*’ [laofheoil], ‘*añojo*’ [mairteoil bhliana] nó ‘*novillo*’ [mairteoil óg]).



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Clúdaíonn an limistéar ina dtógtar eallach den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus ina dtáirgtear mairteoil lena mbaineann an TGFC na ceantair feirmeoireachta seo a leanas (arna ngrúpáil de réir cúige agus Pobal Féinrialaitheach): Pobal Féinrialaitheach na hAndalúise: Córdoba: na ceantair Los Pedroches, La Sierra agus Campiña Baja. Huelva: Sierra. Jaén: Sierra Morena. Seville: Sierra Norte. Pobal Féinrialaitheach Aragon: Teruel: Serranía de Albarracín, Maestrazgo. Pobal Féinrialaitheach Castile-La Mancha: Ciudad Real: Montes Norte, Campo de Calatrava, Montes Sur, Pastos. Guadalajara: gach ceantar. Toledo: Talavera, Torrijos, Sagra Toledo, La Jara, Montes de Navahermosa, Montes de los Yébenes. Pobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León: Ávila: gach ceantar. Burgos: Demanda. León: La Montaña de Riaño, Sahagún. Palencia: Guardo, Cervera. Salamanca: gach ceantar. Segovia: gach ceantar. Soria: Pinares. Valladolid: Centro, Sur, Sureste. Zamora: Sayago, Duero Bajo. Pobal Féinrialaitheach Extremadura: Cáceres: gach ceantar. Badajoz: gach ceantar. Pobal Féinrialaitheach Rioja: gach ceantar. Pobal Féinrialaitheach Mhaidrid: Lozoya-Somosierra, Guadarrama, Área Metropolitana de Madrid, Sur Occidental.’

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☐ Clú

☑ Cáilíocht áirithe

☐ Saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Gnéithe sonracha de chuid an limistéir gheografaigh

Tírdhreach

Tá tír-raon garbh ann sna limistéir shléibhe, mar aon le topagrafaíocht chasta, agus tá gleannta arda, ailteanna caola, fánaí géara agus ardchláir leathana ann a thagann faoi lé gálaí agus síobthaí sneachta uaireanta. Tá na limistéir *dehesa* ina mánna forleathana droimneacha ag airdí idir 300 agus 1 200 méadar os cionn leibhéal na farraige.

Aeráid

Tá difríochtaí móra aeráide ann i bhfianaise dháileadh leathan an phóir, na limistéir ina bhfuil sé socraithe agus an tslí ina ndéantar an t-eallach a ghluaisteacht thart mar chuid den bhuailteachas. Déanann an t-eallach innilt in *dehesas*, i ngleannta agus ar shléibhte. Bíonn an samhradh fionnuar sna hardchríocha agus bíonn an geimhreadh an-fhuar iontu, agus sioc chrua ann go minic. I gcodarsanacht leis sin, bíonn an samhradh an-te agus tirim, agus bíonn an geimhreadh cineálta sna *dehesas*.

Flóra

Tá cleachtais phórúcháin eallaigh an phóir Ibéaraigh Avileña-Dubh nasctha leis an gcóras *dehesa*, agus is minice ná a mhalairt a bhíonn talamh féaraigh, limistéir ina bhfuil barra, mothair agus coillearnach ag baint leo. Tá *dehesas* féaraigh amháin agus *dehesas* measctha (i.e. *dehesas* ina bhfuil barra agus féaraigh) ann, mar aon le limistéir scrobarnaí. Tá líon suntasach garrán darach, sabhna, darach toilm agus aitil ann ar *dehesas* féaraigh amháin, gan ach líon beag crann ach talamh féaraigh ann go fairsing. Tá crainn darach, crainn darach toilm agus féarach ann in *dehesas* de chineál barr measctha agus féaraigh agus is féidir leis an eallach beatha a fháil ón gcothú a sholáthraíonn na crainn (dearcáin agus foráiste) agus an coinleach. Garráin phéine is mó atá ann sna féaraigh ardtalún, ar garráin iad a bhíonn clúdaithe le sneachta ar feadh cuid den bhliain, rud a éilíonn buailteachas a chleachtadh.

Gnéithe sonracha an táirge

Tá na sainghnéithe seo a leanas ag mairteoil an TGFC 'Carne de Ávila': Bíonn mairteoil na n-ainmhithe seo teann faoi do lámh agus rud beag tais, lena mbaineann raimhre bhog. Bíonn dath gléineach uirthi, idir dearg éadrom go dearg scothchorcra agus bíonn saill bhán go bánbhuí uirthi, agus tá meas mór uirthi mar gheall ar a boige agus ar láidreacht agus cáilíocht a blais.

An nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach, cáil nó saintréithe eile an táirge (i gcás TGFC)

Baineann na ba pórúcháin leis an bpór dúchasach Ibéarach Avileña-Dubh atá ann ón gcianaois agus tá an pór sin tar éis teacht chun bheith in oiriúint go hiomlán do thógáil sa limistéar geografach atá i gceist. Tá an líon ainmhithe atá ann sa daonra foriomlán de chuid an phóir beostoic ag méadú. I dtosach báire, úsáideadh iad mar ainmhithe tarraingthe agus cuireadh tús leis an eallach ón bpór seo a thógáil le haghaidh mairteola nuair a rinneadh an fheirmeoireacht a mheicniú. Mar thoradh air sin, tugadh isteach pórtha mairteola eile mar aithreacha agus ba iad eallaigh Charolais agus Limousin ba mhó a úsáideadh ina leith sin. Is í tógáil an phóir eallaigh dhúchasaigh seo, atá oiriúnaithe chomh maith sin don timpeallacht áitiúil, an bealach is fearr inar féidir saothrú a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha amhail flóra, féarach, foráiste, plandaí foráiste agus dearcáin. Déantar mairteoil fíoruathúil a tháirgeadh mar gheall ar aistí bia éagsúla na máithreacha agus ar shaintréithe ar leith eallaigh den phór Ibéarach Avileña-Dubh agus mar gheall ar stoc céad-chrosphóraithe le pórtha lena mbaineann cruth níos fearr. Tá sí i measc na bhfeolta is mó a bhfuil meas orthu mar gheall ar a boige, ar láidreacht agus ar cháilíocht a blais agus ar a dath gléineach idir dearg éadrom go dearg scothchorcra. Go bunúsach, is é is cúis le saintréithe na mairteola seo an timpeallacht gheografach, an cothú atá ar fáil don eallach – cothú atá ann toisc go bhfuil an pór oiriúnaithe go hiomlán don chóras tógála a úsáidtear sa limistéar geografach – nithe a bhaineann leis an bpór.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.mapa.gob.es/es/alimentacion/temas/calidad-diferenciada/dop-igp/htm/igp-carne-de-avila-modific-mayor